Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/1087

12.5.2026

**CINNEADH (AE) 2026/1087 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 11 Bealtaine 2026**

**lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/523/AE lena gcuirtear cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhair idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na Siria ar fionraí go páirteach**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Eanáir 1977, tugadh Comhaontú Comhair idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na Siria [1] (an Comhaontú Comhair) i gcrích chun comhar foriomlán a chur chun cinn d'fhonn an caidreamh idir na páirtithe a neartú.

(2) Le Cinneadh 2011/523/AE ón gComhairle [2], cuireadh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhair ar fionraí go páirteach tar éis an fheachtais bhrúidiúil a rinne Bashar al-Assad agus a réimeas in aghaidh a muintire féin.

(3) Bhí gá le hAirteagail 12, 14 agus 15 den Chomhaontú Comhair a chur ar fionraí, a mhéid a bhain le hallmhairí amhola agus táirgí peitriliam isteach san Aontas ón tSiria, chun toirmeasc a chur ar allmhairí den sórt sin agus chun Cinneadh 2011/522/CBES ón gComhairle [3] a chur chun feidhme.

(4) Le Cinneadh 2012/123/CBES ón gComhairle [4], leathnaíodh cur ar fionraí páirteach chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhair chun allmhairí óir, miotal lómhar agus diamant isteach san Aontas ón tSiria a chumhdach. Bhí gá le Cinneadh 2012/123/CBES a ghlacadh chun na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/782/CBES ón gComhairle [5] a chur chun feidhme.

(5) Ó mhí na Nollag 2024 i leith, tá athrú ó bhonn tagtha ar thírdhreach polaitiúil na Siria mar gheall ar thitim réimeas Bashar al-Assad, rud a fhágann go bhfuil na forais bhunaidh le cur ar fionraí páirteach an Chomhaontaithe Comhair imithe i léig.

(6) Sna conclúidí uaithi an 23 Meitheamh 2025, leag an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá aistriú síochánta cuimsitheach sa tSiria, saor ó chur isteach eachtrach díobhálach, agus a thábhachtaí atá sé cearta mhuintir na Siria ó gach cúlra eitneach agus reiligiúnach a chosaint gan idirdhealú. Chuir an Chomhairle i dtreis freisin go dtacaíonn sí leis na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag institiúidí idirnáisiúnta airgeadais chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais na Siria agus d'iarr sí ar an mBanc Eorpach Infheistíochta dul i mbun gníomhaíochta arís sa tSiria. D'iarr sí ar an gcomhphobal idirnáisiúnta téarnamh eacnamaíoch na Siria a éascú agus obair a dhéanamh chun í a ath-imeascadh sa chóras idirnáisiúnta airgeadais.

---

[1] IO L 269, 27.9.1978, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1978/2216/oj.

[2] Cinneadh 2011/523/AE ón gComhairle an 2 Meán Fómhair 2011 lena gcuirtear cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhair idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na Siria ar fionraí go páirteach (IO L 228, 3.9.2011, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/523/oj).

[3] Cinneadh 2011/522/CBES ón gComhairle an 2 Meán Fómhair 2011 lena leasaítear Cinneadh 2011/273/CBES maidir le bearta sriantacha in aghaidh na Siria (IO L 228, 3.9.2011, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/522/oj).

[4] Cinneadh 2012/123/CBES ón gComhairle an 27 Feabhra 2012 lena leasaítear Cinneadh 2011/523/AE lena gcuirtear cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhair idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na Siria ar fionraí go páirteach (IO L 54, 28.2.2012, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/123(1)/oj).

[5] Cinneadh 2011/782/CBES an 1 Nollaig 2011 maidir le bearta sriantacha in aghaidh na Siria agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/273/CBES (IO L 319, 2.12.2011, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/782/oj).

(7) Le Cinntí (CBES) 2025/406 ([6]) agus (CBES) 2025/1096 ([7]) ón gComhairle, leasaíodh Cinneadh 2013/255/CBES ([8]) chun deireadh a chur leis na bearta sriantacha eacnamaíocha uile a bhí á bhforchur ar an tSiria, cé is moite díobh siúd atá bunaithe ar fhorais slándála, chun tacú le téarnamh socheacnamaíoch na tíre.

(8) I gcomhréir le Cinneadh 2013/255/CBES, agus leis an gcuspóir gnáthchaidreamh trádála leis an tSiria a athbhunú agus tacú le téarnamh socheacnamaíoch na tíre, ba cheart cur ar fionraí páirteach chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhair dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/523/AE a fhoirceannadh.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2011/523/AE a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Aisghairtear Cinneadh 2011/523/AE.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Bealtaine 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS

---

([6]) Cinneadh (CBES) 2025/406 ón gComhairle an 24 Feabhra 2025 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO L, 2025/406, 25.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/406/oj).

([7]) Cinneadh (CBES) 2025/1096 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO L, 2025/1096, 28.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1096/oj).

([8]) Cinneadh 2013/255/CBES an 31 Bealtaine 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO L 147, 1.6.2013, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/255/oj).